

❀ An Lúibín ❀

31 Bealtaine 2007

Súil le réiteach

In the last edition there was news of a controversial decision by the Irish Minister of Education to enlarge the teaching of English in Gaelscoileanna. The Minister and her critics are now going to negotiate.

Ar an eagrán deireanach de *An Lúibín* bhí litir ó Phádraig Mac Fhearghusa ag cáineadh an Aire Oideachais de bharr cinnidh a rinne sí go múinfí Béarla do na leanaí sna Gaelscoileanna ó thús an dara téarma, beag beann ar thuairim na scoileanna féin.

Rinneadh an cinneadh de bharr achrainn fhada ag Gaelscoil Mhic Easmainn i dTrá Lí, Co Chiarraí. Ghearáin cuid de tuismitheoirí sa bliain 2004 nach raibh Béarla á mhúineadh. Thug na cigírí cuairt ar an scoil agus dúirt go raibh na múinteoirí le moladh as a n-inniúlacht agus as a ndiograis ach gur léir go raibh eolas ar an mBéarla in easnamh ar na daltaí. Dúradh nach raibh an scoil ag tabhairt aird cheart ar a riachtanaí a bhí sé breis Béarla a mhúineadh mar chúiteamh ar an tumoideachas Gaeilge, agus gur chóir leathuair a chloig a chaitheamh gach lá ag mhúineadh Béarla.

Tá daoine a bhaineann le gaeloideachas leagtha amach ar leas na teanga a chosaint go tréan agus bhí amhras orthu nach raibh in ordú an Aire ach iarracht ar Bhéarla a bhrú ar na daltaí d'ainneoin cuspóirí na scoileanna. Bhí siad sásta dul i muinín an dlí dá mba ghá agus seans maith go n-éireodh leo. Anois, áfach, tá an tAire ag caint leo agus ag iarraidh comhréitigh.

Is suimiúil an léargas í an cheist seo ar an dóigh a bhfuil an ghaelscolaíocht ag athchumadh an tsaoil. An té a dhéanann gearán faoi easpa Béarla glacann sé leis gur Béarla atá chun tosaigh i gcúrsai eolaíochta agus teicneolaíochta, gan trácht ar shiopadóireacht agus ar thaisteal. Taispeánann an ghaelscolaíocht nach gá glacadh le seanscéal socraithe. Fiontar é atá gan chiall ar shlí amháin agus lán de chiall ar shlí eile. Ní shéanann an ghaelscolaíocht go bhfuil Béarla ann – is beag Gaeilgeoir nach mbeadh sásta a bheith dátheangach; ach tugann an ghaelscolíocht le fios (beagán roimh am, b'fhéidir) gur féidir beatha lánéifeachtach a chaitheamh trí do rogha teanga. I ndeireadh na dala táthar ag argóint faoi cá mhéad treise is ceart a chur ar mhúineadh an Bhéarla; ní deir duine ar bith nach cóir é a mhúineadh ar chor ar bith.



An Ghaeilge i gCambridge

Cambridge now teaches Irish from all periods. Irish universities could take note.

Tá Gaeilge na haimsire seo á mhúineadh anois ag Ollscoil Cambridge; is fada seanGhaeilge agus meánGhaeilge á mhúineadh ann, agus murach sin níorbh fhéidir teagasc na teanga nua a chur ar bun ann.

Is gearr ó bhí litir faoin scéal seo ar an *Irish Times* ó shlua lucht léinn a bhaineann leis an Roinn Angla-Shacsanach, Lochlannach agus Cheilteach san ollscoil úd. Deir siad go mbeidh mic léinn ag baint amach céime i mbliana arbh é a bpriomhábhar gnáth-theanga, litriocht agus stair na hÉireann sa ré luathmheánaoiseach. Is é a dtuairim gur uafásach an rud é nach mbeadh fail ag mic léinn in UCD ar a leithéid a dhéanamh – rud a thaispeánann go bhfuil

teas éigin fós san achrann faoi chinneadh UCD fáil réidh leis an tseanGhaeilge de bharr (más fíor) a laghad sin mac léinn a bheith á déanamh.

Seo aois na mbainisteoirí; ach déarfadh a lán gur fiú Roinn bheag a choinneáil ann gan cuimhneamh ar chostas má tá tábhacht chultúrtha ar leith lena cuid léinn – agus ní bhrisfeadh costas na seanGhaeilge ollscoil ar bith. Ní hé nach bhfuil obair le déanamh ag na bainisteoirí, ach is mór an díth céillí ligean dóibh a ladar a chur i mias nach mbaineann leo. Ní chun an sparán a ramhrú atá na hollscoileanna ann ach chun an intinn a shaothrú, rud a chuireann de gheasa orthu an léann a chothú, go fiú más gá dóibh an t-óir a ligean tharstu.



Ó Thuaidh

The Republic has legislation in support of Irish; the North is awaiting a similar Act. The demand is reasonable, and opposition inevitable.

Tá Máirtín Mag Uidhir, Gaeilgeoir agus gníomhaí, ag iarraidh orainn litir a sheoladh chun Margaret O'Keeffe sa Roinn Cultúir, Ealaón agus Fóillíochta (RCEF), chun dlús a chur le hAcht Gaeilge i dTuaisceart Éireann. Tá a mhíniúchán mar a leanas:

Tá idir Ghaeilgeoirí agus lucht cearta daonna comhchoiteann ag obair ar son cearta teanga i bhfoirm Acht cuimsitheach Gaeilge, bunaithe ar chearta agus achtaithe in Westminster, le fada an lá anois. Táthar ag iarraidh go mbeidh cosaint agus cur chun cinn pro-ghníomhach don Ghaeilge ón stat. Rinneadh dul chun cinn maith ag na cainteanna in Albain anuraidh, ach chuathas siar ó shin mar is gnách. Sa phróiseas comharliúcháin a tosaíodh ag RCEF le déanaí, bhí freagra thar a bheith dearfach ón phobal i leith an Acharta agus ar ndóighe, bhí an mórshiúil mór sin fríd lár Bhéal Feirste. Bhí thart fá 95% de na freagraí ar son an Acharta mar a leagadh amach é ag Pobal.

De réir dealraimh áfach, níor leor sin do na húdarais. Cuireadh próiseas comharliúcháin eile d'íallach orainn agus rinneadh iarracht freagrácht um an Acht a aistriú go Stormont. Más ansin a dhéanfar aon chinneadh, cuirfear chun báis é. Tá fiacla de dhíth ar an Acht seo mar sin, is gá an rud a achtú in Westminster ar shiúl ón cheart crosta i Stromont.

Cearta daonna, cearta teanga, is níl dochar iontu ach oiread. Ní ghoillfear ar aon duine, Acht Gaeilge a bheith ann. Cuir i gcás go bhfuil tú san Eilbhéis, sa Bheilg, i gCeanada. Níl fadhb dá laghad acu siúd leis an dátheangachas nó fiú le hilteangachas. Tá sílim 14 teanga oifigiúil san Afraic Theas agus beagnach 30 san India. Cad chuige a mbeadh deacrachtaí ag an Ghaeilge go speisialta?

Tá dílseoirí ag cur i gcoinne an Acharta – mífhonn atá bunoscionn lena stair féin. Ba mhinic an teanga le fáil i mbéal Protastúnach sa chéad chuid den 19ú haois, agus tá cúpla duine den saghas sin ann go fóill. Tá Béarla, ar ndóigh, á labhairt in Éirinn ón 13ú haois i leith agus a rian sin go soiléir air. Corraíonn cúrsaí teanga an croí, rud a fhágann an chiall in áit na leathphingine, agus tá sin le haithint ar na dílseoirí chomh maith le cach. Cuimhnímis go bhfuil an dá theanga ag siúl le chéile le fada an lá agus nach féidir teacht roimh athbhorradh na Gaeilge. Cothrom na Féinne atá i gceist.

Tá an litir mar a leanas, agus gan le déanamh agat ach d'ainm agus cúpla focal eile a chur léi. Tiocfaidh deireadh leis an dara dreas comhairliúcháin ar 5 Meitheamh agus deirtear linn go bhfuarthas neart freagraí i gcoinne an Acharta cheana. Ní tráth moille é, mar sin. Má neartaítear an Ghaeilge in dTuaisceart Éireann neartaítear í i gach áit eile. (Beidh mórshiúil ann ar son an Acharta ar 9 Meitheamh i mBéal Feirste; deirtear linn go raibh 5,000 ag an gceann deireannach.)

Margaret O'Keefe
Foireann Acht na Gaeilge
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta
3ú Uirlar, Interpoint
20-24 Sraid Eabhrac
Béal Feirste
BT15 1AQ

Margaret.O'Keefe@dcalni.gov.uk

Ref: Consultation on Irish Language Legislation for Northern Ireland with Indicative Draft Clauses

Margaret, a chara,

I would like to take this opportunity to express my belief that the proposed Irish Language Act should be guided by the following six principles:

1. That the Irish language be recognised as an official language
 2. That the legislation be enacted in Westminster
 3. That the legislation be rights based
 4. That a comprehensive range of service be provided for
 5. That a schedule of state bodies be included in the legislation
 6. That the office of Irish Language Commissioner be established
-
1. *Go n-aitheofaí an Ghaeilge mar theanga oifigiúil*
 2. *Go n-achtófaí an reachtaíocht i Westminster*
 3. *Go mbeidh cur chuige bunaithe ar chearta ann*
 4. *Go mbeidh réimse cuimsitheach seirbhísí geallta*
 5. *Go mbeidh sceideal d'aisínteachtaí stáit luaite sa reachtaíocht*
 6. *Go mbunófar oifig Choimisinéir Teanga*

I demand the Irish Language Act because _____

Is mise le meas,

Signed : -----

Deir Máirtín, má theastaíonn uait cáipéis *adobe/pdf* a dhéanamh di roimh í a chur le riomhphost, gur féidir síntiús trialach a fháil anseo chun cúig cinn a dhéanamh saor in aisce:
https://createpdf.adobe.com/adc/subscribe.do?nextURL=https%3A%2F%2Fcreatepdf.adobe.com%2Findex.php%3FBP%3D%26LOC%3Den_US

Is féidir *pdf* a dhéanamh as aon cháipéis Microsoft Word(.doc) go héasca.



Difríocht

The failure of Aboriginal policy is a failure to recognise the fact of difference.

Is gearr ó díoladh sárshaothar Bundúchasach i Nua-Eabhrac ar phraghas an-ard, pictiúr le Emily Kame Kngwarreye dar teideal *Cruthú na Cruinne*; tá síul le cionn milliún dollar an mhí seo chugainn nuair a dhíolfar *Warlugulong* 1977 le Possum Tjapaltarri. Ní ar an airgead atá brí agus bunluach an tsaothair ag brath, ach léiríonn an t-airgead an t-aitheantas a thugann an margadh do chumhacht agus do thréithe sainiúla an dúchais seo. Ealaín ar leith ó áit ar leith: ach ar shlite eile tá doicheadh roimh an difríocht. Tugtar i bhfad níos mó aitheantais do dhúchas na Ghaeilge i mBunreacht na hÉireann ná mar a thugann Bunreacht na hAstráile do dhúchas níos sine.

Ar éigin is féidir lenár bhformhór sinn féin a shamhlú leis an gcine úd eile atá anseo leis na mílte bliain. Is minic gan meas againn i ndáiríre ar an difríocht atá eadrainn. Ba é an tOllamh Henry Reynolds, staraí agus conspóidí, a thug an léargas ba ghrinne ar an gcaidreamh achrannach casta idir Bundúchasaigh agus Eorpaigh sa 19ú haois, agus bhí an méid a leanas le rá aige ar an nuachtán *The Age* (26/5/07):

Siltear gurb é an bealach chun fadhbanna an-mhóra na bpobal Bundúchasach a fhuascailt iad a dhéanamh níos cosúla linn féin.

Tá mórán diospóireachta faoi láthair faoi chearta agus faoi fhreagracht. Ach nach bhfuil ceart ag daoine chun fanacht ina mBundúchasaigh agus gan a bheith 'báite'? Níl a leithéid de cheart le fáil ach i mír gan ionrá de Chúinnt Idirnáisiúnta na gCearta Sibhialta agus Polaitiúla ar chuir an Astráil a lámh leis, mar a chuir le dréachtchonradh roghnach a bhaineann leis. Deir Alt 27 go bhfuil ceart ag mionlaigh chun 'a gcultúr féin a shaothrú, a gcreideamh féin a chleachtadh agus a dteanga féin a úsáid'.

Deir sé nach féidir linn aon bheartas a mheas i gceart mura bhfuil a fhios againn cé na cuspóirí atá aige. Táimid thíos ar fad ar na fadhbanna atá anois ann agus gan aird againn ar an am atá le teacht.

Tá gá le haitheantas éigin bunreachta a thabhairt do na Bundúchasaigh agus dul ina bhun gan mhoill. Ceist phraictíuíl í den saighas is práinní.

Mura scrúdaímid ach cúrsaí oideachais agus ceist na dteangacha – dhá rud a bhfuil dluthbhaint acu lena chéile – feicimid cé chomh dona is atá cúrsaí agus gan aitheantas buan oifigiúil á thabhairt don cheist phraictiúil sin. Tógaimis, mar shampla, an faillí a dhéantar san oideachas dátheangach sna culchríocha. Tá an t-oideachas sin le fáil in áiteanna áirithe agus éifeacht leis; ach níos minice ná a chéile ní bhíonn ann ach múinteoir bán óg nach bhfuil dul amach aige ar mhuintir na háite ná focal ar bith dá dteanga aige. Ná cuirimis an milleán ar a leithéid sin ach oiread, ach ar Roinn nach bhfuil de bheartas aici ach Béarla a bhrú scun scan ar an bpobal úd agus gan cuimhneamh aici ar aon dúchas eile.

Tá deacracht eile luaite: gan fonn a bheith orainn daoine a dheighilt amach ó chéile de réir cine. Tá cúiseanna maithe leis sin agus cuimhne againn ar stair uafásach na haoise seo caite. Ach ní hionann aitheantas cine agus fuath cine, agus ní mór dúinn a admháil gur theip go tubaisteach ar na hiarrachtaí a rinneadh ar Bhundúchasaigh a athmhúnlú de réir meon agus

aigne pobail eile. Glacaimis le dúchas ar den tir seo é thar aon dúchas eile, agus déanaimis gníomh dá réir.

Mura mian leat An Lúibín a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun: colger@melbpc.org.au

*If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to
colger@melbpc.org.au*